

AN tACHT (Leasú) UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae Chorcaí 2014 agus Plean Nua Forbartha Chontae a ullmhú

De bhun Alt 12(1)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leis seo tugtar fógra, is iad mar Údarás Pleanála don chontae, go bhfuil Dréachtphlean Forbartha Chontae ullmhaithe ag Comhairle Contae Chorcaí do cheantar riaracháin Chontae Chorcaí. Cuimsíonn an Dréachtphlean seo leasuithe molta don Taifead na Struchtúr Cosanta.

Tá sé i gceist go mbeidh Plean nua Forbartha Chontae Chorcaí 2022 mar an chéad Phlean daingean do cheantar iomlán feidhme Chomhairle Chontae Chorcaí agus go mbainfidh sé le teorainn nua riaracháin an chontae, i ndiaidh feidhmiú na socrúithe nua Rialtais Áitiúil i gCorcaigh mí Bhealtaine 2019. Béarfar isteach freisin ceantair fheidhme na 9 mBaile mar a mbíodh Comhairle Baile agus na lonnáochtaí atá laistigh de na 8 bPlean Ceantar Áitiúil Ceantar Bardasach.

Maidir leis seo, tiocfaidh an Plean nua Forbartha Chontae ní hamháin in ionad an Phlean Forbartha Chontae (mar a athraíodh) ach na doiciméid seo a leanas chomh maith:

- **Pleananna Forbartha Cloch na Coillte, An Cóbh, Mainistir Fhear Maí, Cionn tSáile, Maigh Chromtha, Mala, Mainistir na Corann, An Sciobairín, Eochail agus**
- **Na 8 bPlean Ceantar Áitiúil a deineadh in 2017 do na Ceantair Bhardasaí.**

Tábla 1.

PLEAN 7 nIMLEABHAR IS EA AN DRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CHONTAE IS É LEAGTHA AMACH MAR SEO A LEANAS:

- Imleabhar a hAon: Ábhar Príomhpholasaí (san áireamh beidh dhá léarscáil polasaí ar scála mór), in dhá chuid
 - Caibidil(lí) 1-10
 - Caibidil(lí) 11-19
- Imleabhar a Dó: Oidhreacht agus Conláistí
- Imleabhar a Trí: Tuaisceart Chorcaí (Caibidil 1 CB Mainistir Fhear Maí agus Caibidil 2 CB Ceann Toirc Mala)
- Imleabhar a Ceathair: Deisceart Chorcaí, in dhá chuid
 - Caibidil 1 CB Carraig Uí Leighin agus Caibidil 2 CB Cóbh
 - Caibidil 3 CB Oirthear Chorcaí agus Caibidil 4 CM Maigh Chromtha

- Imleabhar a Cúig: Iarthar Chorcaí, ina dá chuid
 - Caibidil 1 CB Droichead na Bandan Cionn tSáile
 - Caibidil 2 CB Iarthar Chorcaí
- Imleabhar a Sé: Tuairiscí Comhshaoil – tharla measúnú chun Tionchair Chomhshaoil áirithe a chinntiú; Baol Tuilte Straitéiseach agus Tionchar ar Shuímh Eorpach a leanfadh an Dréachtphlean molta. Cuimsíonn Imleabhar a Sé an Tuairisc Comhshaoil SEA; Measúnú Baol Tuilte Straitéiseach, an Tuairisc Measúnú ar an Scagadh Treoir Ghnáthóg agus an Tuairisc Tionchair Natura.
- Imleabhar a Seacht: Léarscáileanna: [Léarscáileanna sonrath (cinn ar scála beag um pholasaí san áireamh) ar fáil ar an mBrabhsálaí Léarscáileanna CDP].
- Dréachtstraitéis Tithíochta i bPáirt

		Ar fáil	
Imleabhar	Teideal	Cóip Cruaidh	Ar Líne
A hAon (Dhá chuid)	Ábhar Príomhpholasaí	√	√
A Dó	Oidhreacht agus Conláistí	√	√
A Trí	Tuaisceart Chorcaí	√	√
A Ceathair (Dhá chuid)	Deisceart Chorcaí	√	√
A Cúig (Dhá chuid)	Iarthar Chorcaí	√	√
A Sé	Tuairiscí Comhshaoil	–	√
A Seacht	Léarscáileanna	–	√
	Dréachtstraitéis Tithíochta i bPáirt	–	√

- a) Tá na hImleabhair a hAon; a Dó; a Trí; a Ceathair; a Cúig; a Sé agus a Seacht de chuid an Dréachtphlean agus an Dréachtstraitéis Tithíochta i bPáirt ar fáil lena scrúdú is a íoslódáil ar shuíomh idirlín na Comhairle <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028>
- b) Tá cóip crua freisin ann do na himleabhair seo: a Dó; a Trí; a Ceathair; a Cúig;
- c) Tá Imleabhar a hAon; a Dó; a Trí; a Ceathair; a Cúig ar fáil le ceannach. Gach eolas ó Aonad um Phleanáil Polasaí ag 021 4285900.

Tábla 2.

CHUN AN DRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CHONTAE A SCRÚDÚ:

Faoi réir Prótacail Covid 19 – Is féidir féachaint ar Imleabhair a hAon; a Dó; a Trí; a Ceathair; a Cúig den Dréachtphlean (cóip cruaidh nó formáid leictreonach) maraon le hImleabhair a Sé is a Seacht i bhformáid leictreonach amháin, (gach lá seachas deireadh seachtaine agus lá saoire bainc) idir 9.00 a.m. agus 4.00 p.m. **ón Déardaoin 22 Aibreán 2021 go Déardaoin 1 Iúil, 2021** ag na láithreacha seo a leanas:

1. Ar líne ag <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028> am ar bith
2. An Roinn Pleanála, Urlár 1, Halla an Chontae, Corcaigh (dein coinne roimh ré de dheasca srianta Covid 19) ag <https://www.yourcouncil.ie/MyServices>.
3. An Roinn Pleanála, Tigh Norton, An Sciobairín, Co. Chorcaí (dein coinne roimh ré de dheasca srianta Covid 19) ag <https://www.yourcouncil.ie/MyServices>.
4. Oifig Ranna Chomhairle Chontae Chorcaí, Annabella, Mala (dein coinne roimh ré de dheasca srianta Covid 19) ag fón 022 21123.

Faoi réir prótacail COVID 19 – Nuair a osclaíonn na Leabharlanna, beidh na doiciméid Dréachta CDP freisin ar fáil i Leabharlann an Chontae agus sna Brainsí Leabharlainne. Dein seiceáil led thoil sa leabharlann áitiúil maidir le hathoscailt agus teacht ar PC don bhformáid leictreonach.

Má bhíonn aon cheist agat maidir le hábhar polasaí tar éis na doiciméid a fheiscint ag na láithreacha thuasluaite, dein teagmháil led thoil leis an Aonad Pleanáil Polasaí, ag 021-4285900 nó seol r-phost chuig planningpolicyunit@corkcoco.ie nó féach ar an liosta FAQ atá ar fáil ag <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028>

Tábla 3

ÓCÁID SEIMINEÁR GRÉASÁIN AGUS TEANGABHÁIL LEIS AN MEITHEAL ÓN AONAD PLEANÁIL POLASAÍ:

Tá sé i gceist ócáid seimineár gréasáin a reáchtáil le linn an tréimhse comhairliúcháin phoiblí chun léargas a thabhairt ar an nDréacht CDP maraon le treoir d’aighneacht a sheoladh do “Tabhair do Thuairim”. Foilseofar sonraí na hócáide ar shuíomh idirlíon na Comhairle: <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028> sara fada.

Má bhíonn ceist áirithe polasaí agat maidir leis an nDréachtphlean beidh meitheal an Aonad Pleanáil Polasaí ar fáil ar an bhfón chun an cheist a phlé leat ar dtús. Munar féidir déileáil leis

an gceist ar an bhfón, beidh an meitheal PPU in ann plé leat go hiargúlta. Beidh an meitheal PPU in ann cruinnithe a stiúradh trí Fhoirne MS agus Webex. Chun coinne a dhéanamh maidir leis seo, dein teangabháil led thoil leis an PPU ag 021-4285900 nó seol r-phost chuig planningpolicyunit@corkcoco.ie. Moltar duit teangabháil a dhéanamh leis an PPU go luath sa tréimhse comhairliúcháin phoiblí chun coinne a dhéanamh.

Tábla 4:

CUIREADH CHUN AIGHNEACHTAÍ/TUAIMÍ A SHEOLADH:

Leis seo lorgáítear aighneachtaí nó tuairimí faoin nDréachtphlean Forbartha Chontae ón bpobal, leanaí, grúpaí nó dreamanna eile nó cumainn a dheineann ionadaíocht ar son leas leanaí agus páirtithe leasmhara eile **le linn an tréimhse idir Déardaoin 22 Aibreán 2021 go meánoíche Déardaoin 1 Iúil 2021** trí cheachtar den dá mhodh seo a leanas:

- Ar líne <https://www.corkcoco.ie/en/cork-county-development-plan-2022-2028> agus lean na teoracha. [Bain anuas ceangaltáin mhóra led thoil chun ceistanna teicniúla a sheachaint.]

NÓ

- Scríobh chuig An Pleanálaí Sinsear, Aonad Polasaí Pleanála, Comhairle Chontae Chorcaí, Urlár 13, Halla an Chontae, Corcaigh.

Tá Treoir Céim-ar-Chéim ar fáil maidir le haighneacht a dhéanamh go dtí an Chomhairle ag suíomh idirlíon na Comhairle ag www.corkcoco.ie

Cuirfear gach aighneacht a fhaightear laistigh den tréimhse thuasluaite san áireamh sula nglactar leis an bPlean nua Forbartha Contae.

Ní féidir le Comhairle Chontae Chorcaí glacadh le haighneachtaí trí r-phost.

Ar son cúiseanna dlíthiúla, ní féidir linn glacadh le haighneachtaí laistigh den tréimhse ó **Déardaoin 22 Aibreán 2021 go meánoíche Déardaoin 1 Iúil 2021.** Cuirfear gach aon aighneacht a fhaightear laistigh den tréimhse thuasluaite san áireamh sula nglactar leis an bPlean nua Forbartha Chontae Chorcaí.

Led thoil dein an aighneacht atá agat trí mheán amháin i.e. ar an idirlíon nó cóip cruaidh. Ar an gcuma san ní bheidh aon dúbailt ann maidir le huimhreacha tagartha aighneachta agus beidh an próiseas níos éasca.

Nuair is féidir, cuir d'ainm agus do sheoladh ar leathanach ar leith ón aighneacht agat chun cabhrú le Comhairle Chontae Chorcaí is iad ag plé leis an Acht um Chosaint Sonraí. Táimid buíoch as do chabhair maidir leis seo.

Toisc go bhfuiltear ag súil le líon mór aighneachtaí/tuairimí moltar don phobal aighneachtaí/tuairimí a sheoladh go dtí an Chomhairle tamall maith roimh an dáta deiridh.

Bíodh an t-eolas seo agat led thoil; de réir Alt 19 den Acht (Leasú) um Pleanáil agus Forbairt 2018 foilseofar na haighneachtaí bailí ar fad a fhaigheann Comhairle Chontae Chorcaí ar shuíomh idirlíon na Comhairle laistigh de 10 lá oibre óna bhfáil ag an gComhairle. Próiseas oscailte poiblí pleanála atá sa phróiseas pleanála agus dá bhrí sin beidh d'aighneacht (go hiomlán nó cuid éigin di) le feiscint ar líne ag <https://www.yourcouncil.ie/service/Planning Policy Submissions>.

Tábla 5:

AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE 2014 AGUS AN tACHT UM CHOSAINT SONRAÍ 2018:

Tá Comhairle Chontae Chorcaí faoi réir riachtanais an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 agus na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR).

Bíodh a fhios agat led thoil, maidir leis na haighneachtaí mar a mbíonn Catagóirí áirithe Speisialta GDPR/Sonraí Leochaileacha Pearsanta mar a mhínítear in Airteagal 9 den aontú soiléir GDPR faoi na Catagóirí Leochaileacha Pearsanta speisialta ní mór aontú soiléir le próiseas a dhéanamh ar na catagóirí speisialta sonraí a fháil ón duine lena mbaineann na sonraí.

Is den riachtanas é go mbaileoidh an Chomhairle eolas éigin pearsanta chun d'aighneacht a chur tríd an bpróisis mar is cóir. Ar bhonn dlíthiúil is féidir próiseas a dhéanamh ar an eolas úd faoi údarás oifigiúil atá ag an gComhairle. Tosaíocht lárnach ag an gComhairle is ea do shonraí pearsanta a chosaint agus déanfar an próiseas úd ar líne de réir ár bPolasaí Príobhaideachais atá ar fáil ag <https://www.corkcoco.ie/privacy-statement-cork-county-council> Faigh cóip cruaidh ónár oifigí ag Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh.

Má tá ceist ar bith agat faoinár bpolasaí príobháideachais nó an t-eolas ata againn fút ba chóir r-phost a sheoladh chugainn ag dpo@corkcoco.ie nó scríobh chugainn ag An t-Oifigeach um Chosaint Sonraí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh. Led thoil ná seol aighneachtaí/tuairimí ar an nDréachtphlean Forbartha Chontae go dtí an t-oifigeach um Chosaint Sonraí. Is iad aighneachtaí/tuairimí amháin a dheintear go dtí an Aonad Pleanáil Polasaí trí cheachtar den dá shlí a mhínítear i dTábla Uimh. 4 anso thuas a chuirfear san áireamh sula nglactar leis an bPlean nua Forbartha Chontae.

Dátaithe an lá seo 22 Aibreán 2021

Michael W. Lynch

Stiúrthóir Seirbhísí (Pleanáil & Forbairt)

Oifigeach Ainmnithe Poiblí faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.